Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11695/23**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0228(COD)**
**2023/0227(COD)**

**AGRI 388**
**AGRILEG 130**
**SEMENCES 32**
**PHYTOSAN 44**
**FORETS 84**
**CODEC 1336**
**IA 176**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 415 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>Achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ar an Measúnú Tionchair<br>*a ghabhann leis an doiciméad*<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031, 2017/625 agus 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí)<br>agus<br>an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 415 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 415 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.7.2023
SWD(2023) 415 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**Achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ar an Measúnú Tionchair**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031, 2017/625 agus 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí)**

**agus an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)**

## 1. An gá atá le gníomhaíocht

Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Tá reachtaíocht an Aontais maidir le hábhar atáirgthe plandaí agus foraoise (PRM/FRM) i bhfeidhm ó bhí 1966 ann. D'fhág leasuithe a rinneadh dá éis sin go bhfuil creat dlíthiúil casta ann, nach bhfuil ailínithe go hiomlán le beartais a bhfuil dlúthbhaint acu leis (sláinte plandaí, rialuithe oifigiúla agus táirgeadh orgánach). Bíonn an cur chun feidhme difriúil idir na Ballstáit mar a bhíonn na dálaí dá bhrí sin le haghaidh na n-oibreoirí, toisc go bhfuil deis léirmhínithe ann maidir le gnéithe den reachtaíocht. Glacadh cleachtais náisiúnta i gcás nár lean an reachtaíocht forbairtí nua san eolaíocht agus sa teicneolaíocht go tráthúil (próisis táirgthe nuálacha, teicnící bith- mhóilíneacha, réitigh dhigiteacha).

I ngeall ar fhócas tosaigh na reachtaíochta ar an táirgiúlacht, is teoranta na modhanna atá ann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ó thaobh na hinbhuanaitheachta, an oiriúnaithe don athrú aeráide agus na bithéagsúlachta de. Is teoranta an measúnú a dhéantar ar chineálacha nua le haghaidh saintréithe lenar féidir cur leis an táirgeadh inbhuanaithe. Tá rialacha maidir leis an rochtain ar an margadh sriantach i gcás cineálacha orgánacha agus caomhantais agus gníomhaíochtaí lenar féidir cur le héagsúlacht ghéiniteach na mbarr saothraithe agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais áitiúla shonracha (e.g. slabhraí soláthair gairide). Sa reachtaíocht FRM atá i bhfeidhm faoi láthair sainmhínítear FRM i ndáil lena thábhacht chun críoch foraoiseachta san Aontas uile nó i gcuid den Aontas, ach tá sé doiléir fós maidir leis na críocha foraoiseachta a chumhdaítear faoi raon feidhme na reachtaíochta. Ní thugtar aghaidh ar an méadú atá ag teacht ar dheacrachtaí maidir le soláthar FRM i ngeall ar athruithe ar dhálaí aeráide agus tá rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar d'úsáideoirí FRM míshoiléir, rud lena ngabhann an baol go mbainfear úsáid as FRM míchuí san fhoraoisiú agus san athfhoraoisiú.

Cad é ba cheart a bhaint amach?

Leis an tionscnamh, ba cheart PRM/FRM d'ardcháilíocht agus éagsúlacht rogha a áirithiú, le haghaidh na gcineálacha úsáideoirí uile, agus ba cheart cothroime iomaíochta le haghaidh oibreoirí ar fud an Aontais a áirithiú. Ba cheart don tionscnamh cur le cobhsaíocht táirgthe na táirgeachta talmhaíochta agus le táirgiúlacht na n- éiceachóras foraoise faoi dhálaí aeráide atá ann faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann amach anseo. Leis an tionscnamh, ba cheart na rialuithe oifigiúla a chomhchuibhiú, feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas leis an reachtaíocht maidir le sláinte plandaí agus ba cheart glacadh na bhforbairtí eolaíocha agus teicniúla nua a chumasú. Ar deireadh, ba cheart dó clárú na gcineálacha orgánacha a éascú agus tacú le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe na n- acmhainní géiniteacha planda agus foraoise.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Tá margú neamhshrianta PRM/FRM ar fud an Aontais ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasteorann amhail an gá leis an táirgeadh inbhuanaithe chun an tslándáil bia agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus athchóiriú na n- éiceachóras foraoise a áirithiú. D'fhág an staid gheopholaitiúil agus an ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair gur mó tábhacht a bhaineann leis sin. Chun rochtain ar an margadh a fháil le haghaidh PRM/FRM, bítear ag brath ar scrúduithe agus ar chigireachtaí ó na húdaráis inniúla náisiúnta. Le rialacha coiteanna an Aontais áirithítear cáilíocht PRM/FRM mar aon leis an iomaíocht oscailte agus chothrom ar an margadh aonair. Dá n- uireasa sin, bheadh 27 gcóras i bhfeidhm

seachas aon cheann amháin, rud a chuirfeadh bac ar an ngluaiseacht, a dhéanfadh an iomaíocht a shaobhadh agus a mhéadódh an t- ualach airgeadais le haghaidh na n-oibreoirí agus na n-údarás.

## 2. Réitigh

<u>Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil?</u>

Rinneadh measúnú ar 3 rogha, ó rogha amháin lena mbaineann an tsolúbthacht is airde (rogha 1), go dtí an rogha lena mbaineann an comhchuibhiú is airde chun na difríochtaí i gcur chun feidhme na reachtaíochta a íoslaghdú (rogha 3), agus le rogha 2, rinneadh an gá leis an tsolúbthacht a chothromú le leibhéal comhchuibhithe níos airde chun na fadhbanna a eascraíonn as difríochtaí sa léirmhíniú a shárú.

***Eilimintí cothrománacha le haghaidh na roghanna uile:*** 1) Nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus próiseas cinnteoireachta níos solúbtha 2) Rialacha cuíchóirithe i gcás cineálacha orgánacha agus caomhantais 3) Comhchuibhiú leis an reachtaíocht sláinte plandaí.

***Rogha 1 - An tsolúbthacht is airde:*** Le Rogha 1, leagtar síos íoscheanglais maidir le rialuithe oifigiúla ar PRM/FRM, ach gan iad a nascadh leis an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Glactar le treoirlínte maidir le húsáid a bhaint as próisis táirgthe nuálacha, teicnící bith- mhóilíneacha agus na réitigh dhigiteacha. Láidrítear an measúnú a dhéantar cheana ar chineálacha nua speiceas plandaí talmhaíochta le haghaidh saintréithe a rannchuidíonn leis an táirgeadh inbhuanaithe. Tugtar measúnú deonach isteach le haghaidh glasraí agus plandaí torthaí. Gníomhaíochtaí líonraí um chaomhnú síolta, margú do gharraíodóirí amaitéaracha agus malartú comhchineáil síl idir feirmeoirí, tá siad díolmhaithe ó raon feidhme na reachtaíochta chun an méadú ar éagsúlacht ghéiniteach PRM a spreagadh. Ní chumhdaítear táirgeadh i reachtaíocht FRM, ach amháin táirgeadh chun 'críoch foraoiseachta' chun infhaighteacht FRM d'ardcháilíocht le haghaidh foraoisiú/athfhoraoisiú a áirithiú. Leathnaítear ceanglais inbhuanaitheachta chuig catagóirí FRM is ísle. Tugtar treoirlínte isteach maidir le pleanáil teagmhais le haghaidh ghanntanais mhóra FRM i gcás adhaimsire agus tubaistí.

***Rogha 2 - An tsolúbthacht agus an comhchuibhiú a chothromú (rogha beartais ab fhearr):*** Le Rogha 2, tugtar na rialuithe oifigiúla ar PRM/FRM faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe Oifigiúla, ach maille le rialuithe allmhairithe simplithe ag áiteanna iomchuí laistigh den Aontas chun forfheidhmiú níos spriocdhírithe agus níos éifeachtúla na rialacha atá ann cheana a áirithiú. Áirítear bunphrionsabail maidir le húsáid a bhaint as próisis táirgthe nuálacha, teicnící bith- mhóilíneacha agus réitigh dhigiteacha sa reachtaíocht. Tagann an measúnú ar chineálacha nua le haghaidh saintréithe a rannchuidíonn leis an táirgeadh inbhuanaithe chun bheith ina cheanglas le haghaidh na ngrúpaí barr uile, ach maille leis an tsolúbthacht do na Ballstáit é a chur chun feidhme de réir a ndálaí agrai- éiceolaíocha féin. Gníomhaíochtaí líonraí um chaomhnú síolta, margú do gharraíodóirí amaitéaracha agus malartú comhchineáil síl idir feirmeoirí, tá siad faoi réir rialacha níos éadroime chun an méadú ar éagsúlacht ghéiniteach PRM a spreagadh ach chun íoscháilíocht a ráthú freisin. Cumhdaíonn reachtaíocht FRM an táirgeadh chun críoch 'foraoiseachta' agus

‘neamhfhoraoiseachta’, chun cáilíocht FRM a mhéadú lasmuigh de na húsáidí foraoisithe/athfhoraoisithe. Leathnaítear ceanglais inbhuanaitheachta chuig catagóirí FRM is ísle. Tugtar ceanglais dhlíthiúla ghinearálta isteach maidir le pleanáil teagmhais le haghaidh ghanntanais mhóra FRM i gcás adhaimsire agus tubaistí.

***Rogha 3 - An comhchuibhiú is airde:*** Le Rogha 3, tugtar na rialuithe oifigiúla ar PRM/FRM faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe Oifigiúla, maille le rialuithe allmhairithe níos doichte ag poist rialaithe teorann lena gceanglófaí doiciméadacht allmhairiúcháin speisialta chun an forfheidhmiú a láidriú agus a chomhchuibhiú go hiomlán. Áirítear rialacha mionsonraithe agus ceangailteacha maidir le húsáid a bhaint as próisis táirgthe nuálacha, teicnící bith- mhóilíneacha agus réitigh dhigiteacha sa reachtaíocht. Beidh an measúnú ar chineálacha nua maidir le saintréithe a chuidíonn leis an táirgeadh inbhuanaithe ina cheanglas le haghaidh na mbarr uile, maille le ceanglais agus modheolaíochtaí mionsonraithe agus comhchuibhithe le haghaidh na mBallstáit uile. Gníomhaíochtaí líonraí um chaomhnú síolta, margú do gharraíodóirí amaitéaracha agus malartú comhchineáil síl idir feirmeoirí, tá siad faoi réir cheanglais ghinearálta na reachtaíochta PRM chun rialacha aonchineálacha a bhaint amach le haghaidh dheighleoga uile an mhargaidh. Cumhdaíonn reachtaíocht FRM an táirgeadh chun críoch ‘foraoiseachta’ agus ‘neamhfhoraoiseachta’, chun cáilíocht FRM a mhéadú lasmuigh de na húsáidí foraoisithe/athfhoraoisithe. Leathnaítear ceanglais inbhuanaitheachta chuig na catagóirí FRM is ísle agus tá siad faoi réir rialacha comhchuibhithe. Tugtar rialacha coiteanna isteach maidir le pleanáil teagmhais chun ullmhú le haghaidh ghanntanais mhóra FRM i gcás adhaimsire agus tubaistí.

<u>Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?</u>

Tá tacaíocht fhoriomlán ann leis an gcóras rialála atá i bhfeidhm faoi láthair a choinneáil ar bun maidir le PRM/FRM agus lena dhá bhuncholún ó thaobh chlárú na gcineálacha/ábhair bhunúsaigh agus dheimhniú PRM/FRM de (córas chun sainaitheantas, cáilíocht agus sláinte PRM/FRM a áirithiú). Tá tacaíocht leathan ann freisin do mhaoluithe, a mheastar gur gá iad chun na cuspóirí a chomhlíonadh atá ábhartha maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n- acmhainní géiniteacha plandaí agus don táirgeadh orgánach. Tá tuairimí éagsúla ann i ndáil le fairsinge na maoluithe. Tá saoránaigh agus eagraíochtaí sochaí sibhialta ag lorg eisceacht iomlán ó raon feidhme na reachtaíochta i leith gníomhaíochtaí atá ábhartha do chaomhnú agus d’úsáid inbhuanaithe na n- acmhainní géiniteacha plandaí. Aontaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara tionscail agus na n- údarás inniúil náisiúnta le maoluithe ach iarrann siad go n- áiritheofar an cháilíocht agus an tsláinte, agus measann mionlach gur cheart aon mhaolú a bheith teoranta. Tá tacaíocht ann le fócas méadaithe ar an inbhuanaitheacht ach é sin a bheith faoi réir an tsolúbthacht a choinneáil ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na dálaí difriúla ar fud an Aontais. Mar sin féin, tá imní ar pháirtithe leasmhara agus ar údaráis inniúla náisiúnta faoi na costais a eascróidh as i ndáil le measúnuithe inbhuanaitheachta a thabhairt isteach le haghaidh plandaí torthaí agus glasraí. Cuireann eagraíochtaí sochaí sibhialta i dtábhacht an cuidiú a thugann gníomhaíochtaí caomhantais agus an táirgeadh orgánach do na cuspóirí inbhuanaitheachta. Tá comhaontú foriomlán ann maidir leis an méid seo a leanas: is gá rialuithe oifigiúla a chomhchuibhiú, ach níor cheart ualaí riaracháin méadaithe eascairt as; bainfidh tairbhí le húsáid na dteicnící bith- mhóilíneacha agus na réiteach digiteach, ach ba cheart iad a bheith roghnach; agus ní mór an reachtaíocht FRM a bheith ar leithligh ón reachtaíocht PRM. Chuir páirtithe leasmhara tuairimí éagsúla in iúl maidir leis na críocha a chumhdaítear le raon feidhme na reachtaíochta FRM atá i bhfeidhm faoi láthair. Is í Rogha 2 is fearr a fhreagraíonn do thuairimí na bpáirtithe difriúla.

## 3. Tionchair na rogha tosaíochta

Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta?

Bainfidh gnóthachain éifeachtúlachta d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla náisiúnta leis an rogha beartais ab fhearr trí fhéidearthachtaí leathnaithe do na hoibreoirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faoi mhaoirseacht oifigiúil, comhchuibhiú leis an reachtaíocht maidir le sláinte plandaí, rialuithe oifigiúla rioscabhunaithe a thabhairt isteach agus an fhéidearthacht teicnící bith- mhóilíneacha agus réitigh dhigiteacha a úsáid sna córais um chlárú agus um dheimhniú. Ceanglais láidrithe éigeantacha maidir leis an inbhuanaitheacht in éineacht leis an tsolúbthacht chun oiriúnú do dhálaí agrai- éiceolaíocha áitiúla, cuirfidh siad le táirgeadh agraibhia níos inbhuanaithe agus leis an tslándáil bia, toisc go mbeidh táirgeacht níos cobhsaí ag cineálacha a bheidh níos oiriúnaí le haghaidh na n- athruithe atá ag teacht ar dhálaí agrai- aeráide. Beidh tionchar dearfach ar an gcomhshaol ag cineálacha ag a bhfuil frithsheasmhacht in aghaidh galar toisc go bhféadfaí an gá le táirgí cosanta plandaí a laghdú leo. FRM lena ngabhann saintréithe inbhuanaitheachta feabhsaithe, is féidir leis cur leis an oiriúnú agus leis an maolú ar thionchar an athraithe aeráide ar fhoraoisí atá le feiceáil cheana féin, lena mbainfí amach tairbhí comhshaoil tábhachtacha dá bhrí sin. Cuirfear feabhas ar an ullmhacht le haghaidh ganntanais mhóra FRM i gcás adhaimsire agus tubaistí agus laghdófar an riosca go bplandófar FRM de cháilíocht íseal. Ar deireadh, tá coinne leis go mbeidh tairbhí ag baint leis maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n- acmhainní géiniteacha plandaí agus foraoise trí mhaoluithe sonracha in éineacht le huirlisí le haghaidh na hinrianaitheachta agus an dearbhú cáilíochta.

Cad iad costais na rogha tosaíochta?

Tá costais eacnamaíocha nach beag i gceist leis an rogha beartais ab fhearr le haghaidh oibreoirí agus údaráis inniúla náisiúnta i ngeall ar an ngá le hinfheistíochtaí breise chun measúnuithe inbhuanaitheachta breise a dhéanamh. Tá na costais sin comhréireach, mar sin féin, leis na cuspóirí agus déanfaidh na tairbhí atá le fíorú i dtéarmaí inbhuanaitheacht na n- earnálacha agraibhia agus foraoiseachta na costais a chúiteamh sa mheántéarma. Ní eascraíonn oibleagáidí nua le haghaidh na n-oibreoirí as bearta eile ach soláthraítear roghanna nua dóibh leo nó coinníollacha níos éadroime chun rochtain a fháil ar an margadh.

Cad iad na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)?

Tá coinne leis go dtairbheoidh FBManna de na feabhsuithe córasacha agus de na gnóthachain éifeachtúlachta a eascróidh astu, mar a thairbheoidh na fiontair uile eile. Cé nach bhfuil aon mhiondealú sonrach ar fáil, cumhdaítear raon mór barr éagsúil leis na bairr a chuireann FBManna i láthair (iontach speisialaithe i mbeagán barr nó punann níos leithne) agus an- chumhdach geografach i gceist freisin leo (margaí náisiúnta, an Aontais nó idirnáisiúnta). D'fhéadfaidís a bheith gníomhach i gcéim amháin nó i roinnt céimeanna den tionscal síolta: pórú plandaí, táirgeadh síolta, feabhsú síolta agus margú síolta. Ag brath ar a ngníomhaíochtaí sonracha agus ar mhéid a nuálaíochta, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh nach mbeadh FBManna áirithe in ann féidearthachtaí nua atá le tabhairt isteach a thapú (e.g. úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus as teicnící bith- mhóilíneacha) nó b'fhéidir nach mbeadh na féidearthachtaí sin ábhartha dá ngníomhaíochtaí. FBManna ag a mbíonn líon beag cineálacha nua in aghaidh na bliana, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na ceanglais inbhuanaitheachta mhéadaithe orthu, agus an gá acu le hinfheistíochtaí a atreorú chuig cineálacha ag a bhfuil saintréithe inbhuanaitheachta feabhsaithe. Ar deireadh, is FBManna is mó a thairbheofaí de na bearta maidir le cineálacha orgánacha agus caomhantais, toisc gur FBManna is mó a bhíonn i mbun na ngníomhaíochtaí sin.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Is rídhócha go mbeidh ar údaráis inniúla náisiúnta a n- inniúlacht a mhéadú chun na ceanglais mhéadaithe maidir le measúnuithe inbhuanaitheachta a fhorfheidhmiú. Ceanglófar cleachtais atá ann cheana a choigeartú agus acmhainní a athshocrú i ndáil le rialuithe oifigiúla agus le ceanglais maidir le sláinte plandaí freisin, ag brath ar an mbealach a leithdháiltear inniúlachtaí faoi láthair áfach.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Ní bheidh aon tionchar suntasach eile ann.

Comhréireacht

Ní théann an tionscnamh thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an athbhreithnithe a bhaint amach. Déantar amhlaidh ar bhealach atá fabhrach do ghníomhaíocht náisiúnta, nár leordhóthanach í murach sin chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach sásúil.

## 4. Bearta leantacha

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Is é 10 mbliana tar éis dó dul i bhfeidhm a bheadh i gceist le tréimhse athbhreithnithe iomchuí. Tá sé sin i gcomhréir leis an meántréimhse is gá le cineál nua a phórú mar aon leis an tréimhse is gá chun sonraí fiúntacha a fháil tríd an bhfaireachán bliantúil.